energy by nature · harnessed by BORD GÁIS ENERGY SUPPLY

sa bhaile

le Bord Gáis Energy Supply

- Do bhille mínithe
- Gearr siar ar do chostaisí, ní ar do chompord an Samhradh seo.
- Cláraigh ar líne agus d'fhéadfá ceann amháin as 90 ndeimhniú cuimsitheach a bhuachaint
- Cuir glaoch ar ár seirbhís ghutháin uathoibrithe agus d'fhéadfá deireadh seachtaine as baile a bhuachaint
- Ag cur Kevin Dundon in aithne -príomhchócaire le clú domhanda

BGESAH0608

Ag cur bainistiú foraoiseachta inbhuanaithe agus athchursáil chun cinn

Do bhille mínithe

Chun cabhrú leat do bhille Bord Gáis Energy Supply a thuiscint níos soiléire, tá léiriú céim ar chéim againn de na rudaí a bhíonn le feiciáil ar do bhille.

Comhfhreagraíonn gach uimhir thíos le uimhir ar an mbille (le feiceáil ar an leathnach ar an taobh dheis).

1. An seoladh chuig a sheoltar an bille le haghaidh íocaíochta
2. Is í seo an tréimhse billeála d'ídiú gáis
3. Is é seo d'uimhir cuntais le Bord Gáis Energy Supply
4. D'uimhir méadair atá leithleach don méadar fisiciúil. Má bhíonn d'uimhir ionadaithe athrófar an uimhir méadair
5. Taispeántar do léimh méadair reatha agus roimhe. Má leantar na figiúirí le 'A' ciallaíonn sé go bhfuil coigeartú déanta ar an mbilla roimhe. Ciallaíonn 'C' gur tógadh an léamh ag custaiméir. Léiríonn 'E' léamh measta, ceartófar é seo sa chéad léamh iarbhír eile
6. Seasann an figiúir seo don toirt gáis nádúrtha úsáidte. Is féidir é seo a léiriú i méadair ciúbacha (m3) nó na céadta de throithe ciúbacha (hcf)
7. An fachtóir coinbhéartachta a úsáidtear chun toirt an gháis úsáidte a choinbhéartú go méid coibhéiseach de chileavatuaireanta (kWh)
8. An figiúr i kWh a bhfuil tú ag fáil bille dó

9. Is é an CPG (Cláruimhir an Phointe Gáis) ná uimhir thagartha ar leith le 7 n-uimhir, a úsáidtear chun ceangal méadar gáis leis an ngréasán gáis, a aithint.

10. Is é an AC ná an banda Tomhaltais Bliantúil. Is litir í a bhaineann leis an ídiú gáis bliantúil measta. Tá cúig bhanda ann agus tá níos mó mionsonraithe ar an taobh thiar den bhille

11. Mionsonraithe de do tharaif. Is taraif chaighdeánach í an taraif á taispeáint le táille sheasta de €56.75 in aghaidh na bliana. Tá sé seo cothram le 13.7 cent in aghaidh an lae. Tá ráta aonaid singil de 5.118 cent don kWh de ghás úsáidte ann chomh maith. Áirítear CBL sna Méid luaite

12. An méid iomlán atá le n-íoc

Maidir le haon cheisteanna eile ag baint le do bhille gháis nádúrtha a d'fhéadfadh a bheith agat cuir fios ar Bord Gáis Energy Supply ar **1850 632 632** nó tabhair cuairt ar **www.bordgaisenergysupply.ie**

at home
with Bord Gáis Energy Supply

Gearr siar ar do chostaisí, ní ar do chompord an Samhradh seo

Is maith linn go léir bheith compordach, ach an raibh a fhios agat go bhfuil slite simplí ann chun fuinnimh agus airgid a shábháil gan do chompord a íobairt?

- Is féidir leat cailliúint teasa trí fhuinneoga a laghdú trí chuirtíní a choimeád dúnta san oíche agus trí deimhin a dhéanamh de nach bhfuil cuirtíní ag crochadh thar radaitheoirí

- Má chuireann tú seaicéad fálaithe ar do shorcóir uisce chun uisce a choimeád te ar feadh níos mó ama, íocfaidh sé as féin le coigilt fuinnimh i 2-3 mhí

Agus nuair a bhíonn tú ag téamh uisce sa bhaile, tabhair aird ar roinnt bhunphointí chun cinntiú nach bhfuil fuinneamh á chur amú agat:

- Ní úsáideann cith folctha tipiciúil ach aon chúigiú den fhuinneamh a bhíonn ag teastáil do fholcadh
- Baineann sconnaí le buinní spraeála úsáid níos eacnamaíocha as uisce
- Ná fág sconnaí riamh ag sileadh nó ar siúl gan gá a bheith leis
- Cuir teirmeastat ar do shorcóir uisce the ionas nach gcuirfear fuinneamh amú tríd an t-uisce a róthéamh
- Cuir fálú ar na píopaí in áiteanna sa bhaile nach bhfuil á dtéamh ar nós d'áiléar

Mar sin cén fáth nach ndéanann tú roinnt athraithe sa bhaile an Samhradh seo? Chomh maith le cabhrú leis an gcomhshaol trí níos lú fuinnimh a ídiú, beidh tú ag spáráil airgid duit féin. Dá mba mhaith leat níos mó leideanna maidir le éifeachtacht fuinnimh cuir fios orainn le do thoil ag **1850 632 632**.

Aimsitheoirí siopaí

Aimsigh an siopa Bord Gáis Energy Supply is cóngaraí duit

Ní raibh sé riamh chomh héasca fearas gáis nádúrtha a roghnú. Níl le déanamh agat ach siúl isteach ins an siopa Bord Gáis Energy Supply is cóngaraí duit Féach thíos do mhionsonraithe.

Mowlds Heating
259 Bóthar Cromghlinne
Cromghlinn
Baile Átha Cliath 12
01 4559837

Hagim Gas
6 Cúirt na Comhpháirtíochta
Na Rampair
Dún Dealgan, Co. Lú
042 9337618

Rathmines Gas
135 Bóthar Ráth Maonais
Uachtarach, Ráth Maonais,
Baile Átha Cliath 6
01 4967102

Dun Laoghaire Gas
72 Sráid Seoirse Uachtarach
Dún Laoghaire
Bhaile Átha Cliath
01 2801322

Byrne Gas
52 An Ghleann
Port Láirge
051 855593

DC Heating
103 Bóthar Mhullach Íde
Domhnach Cearna
Baile Átha Cliath 5
01 8315566

The Gas Man
28 Ascaill Fassaugh
An Chabrach
Baile Átha Cliath 7
01 8686022

Newbridge Gas
Lárionad gnó Toughers
An Nás
Co. Chill Dara
045 449236

Gas Junction
Teach Comhchumair Gáis
Fionnghlas
Baile Átha Cliath 11
01 831083

Iontais Dundon

Ag cócaireacht sa bhaile le Kevin

Tá sceitimíní ar Bord Gáis Energy Supply a chur in iúl duit go mbeidh an príomhchócaire Kevin Dundon a bhfuil clú agus cáil air ar fud an domhain, in éineacht linn do roinnt eisiúintí de 'sa bhaile' as seo amach. Trí cuid de na hoidis is fearr leis a roinnt, tabhairfaidh Kevin an deis duit chun triail a bhaint as roinnt idéanna blasta a bhfuil éasca le leanúint ó mháistir cáiliúil ar chúrsaí cócaireachta.

Mar úinéir agus cócaire i láthair na huaire ar Theach Tuaithe Dhúin Bróithe d'ullmhaigh Kevin béilí do roinnt de na daoine is cáiliúla sa domhan iomlán, ar a n-áirítear An t-Uachtarán Bush agus Bono! Bhunaigh Kevin agus a bhean chéile Sally Dún Bróithe i 1997 in Oir-Dheisceart na hÉireann, agus bhí an áit ag tarraingt daoine le grá ar leith don bhia acu gan mhoill, agus anois is ceann de na príomhóstáin agus bialanna é sa tír, agus tá a scoil cócaireachta féin aige a bhfuil ardmheas uirthi.

Cuireadh tús le gairm bheatha cócaireachta Kevin i 1986 ag an "Seantheach Scoile" i mBaile Átha Cliath. Ina dhiaidh sin lean sé ar aghaidh chun obair i "La Mére Catherine" i Zurich atá cáiliúil ar fud an domhain, agus tar éis an méid sin chaith sé roinnt ama i gCeanada. De dheasca a chuid taithí fadréimsigh idirnáisiúnta ag barr a ghairme, tá sé ar chumas Kevin blasanna iontacha ó áiteanna timpeall an domhain a thabhairt duit, fad is a chuimhníonn sé i gcónaí ar an tábhacht a bhaineann le cócaireacht Éireannach den scoth.

Le leabhar ar a thugtar ardmheas 'Full On Irish' curtha le chéile aige, is minic a bhí Kevin le feiceáil ar an teilifís Éireannach, mar shampla ar 'No Frontiers', 'Ask Anna' agus 'The Afternoon Show', agus cuireann sé go minic leis an raidió Éireannach agus leis an "Irish Independent".

Cuimhnigh air chun súil a choimeád amach d'oidis blasta Kevin in eisiúintí de 'sa bhaile' atá le teacht!

Filléad mairteola sabhta le hoiniúin brioscánacha
agus anlann radise fiáine

Dhéanfadh sé seo lón Domhnaigh iontach toisc go bhfuil sé lán le blasanna agus uigeachtaí comhlántacha. Déan iarracht úsáid a bhaint as mairteoil cothaithe le féar nó orgánach a crochadh i gceart toisc gurb í an fheoil réalt na méise seo gan dabht ar bith. (Freastalaíonn ar 4)

- **450 g/1 lb filléad mairteola (crochtha go maith)**
- **1 spúnóg bhoird ola olóige**
- **2 spúnóg bhoird maonáise**
- **1 spúnóg bhoird radise fiáine faoi uachtar**
- **1-2 spúnóg bhoird anlann balsamach**
- **4 tráta tuaithe triomaithe in oigheann**
- **Fáisc sú líomóide**
- **50 g/2 oz duilleoga sailéid ilchineálacha le luibheanna**

DO NA HOINNIÚIN BRIOSCACHA

- **Ola Luis na Gréine, chun friochadh domhain**
- **50 g/2 oz plúr bán**
- **1 oinniún mór, slisnithe go tanaí**
- **Salann agus piobar dubh nuamheilte**

Téigh panna gridille oigheanndíonach go dtí go bhfuil se an-the. Blaistigh an filléad mairteola. Cuir ola olóige isteach sa phanna, ansin cuir mairteoil leis, donnaigh go maith ar feadh 10 nóiméid ar gach taobh go dtí go bhfuil crústa breá tiubh ann. Tóg é agus fág é ina sheasamh in áit te go dtí go bhfuil an mhairteoil ligthe, ar a laghd ar feadh 10 nóimeid.

Chun an uachtair raidise fhiáine a dhéanamh, cuir maonáis i mbabhla le raidis fiáin faoi uachtar agus sú líomóide. Blaistigh chun é a bhlaiseadh, meascaigh go dtí go bhfuil sé comhcheangailte go maith. Clúdaigh le scannán cumhdaithe agus fuaraigh go dtí bhfuil sé ag teastáil.

Chun na fáinní oinniúin brioscacha a dhéanamh, téigh ola i ndomhainfhriochtóir go 180C/350F, go dtí go n-athraíonn píosa beag aráin báin go dath órdhonn laistigh de timpeall 30 soicind; nó bain úsáid as panna domhainthaobhach chun cinntiú nach bhfuil sé ach leath-lán.

Cuir an plúr ar phláta agus blaistigh go fial, ansin bain úsáid as chun na slisní oinniúin a phúdráil go héadrom. Friochtaigh go domhain do 4-5 nóiméad nó go bhfuil dath órdhonn orthu. Sínigh amach ar pháipéar cistine, lig dóibh éirí fionnuar agus brioscach trí iad a ardú anois is arís chun iad a scaradh óna chéile.

Chun dáileadh, gearr mairteoil i slisní, cuir na duilleoga sailéid ilchineálacha le luibheanna i mbabhla, cuir go leor anlainn ann chun na duilleoga a chumhdú go héadrom. Socraigh an mhairteoil ar phlátaí le roinnt uachtair raidise fhiáine, sailéid faoi anlann, carn beag de na hoinniúin brioscacha agus tráta tuaithe triomaithe in oigheann.